Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

## FÓGRA – ALT 38

## SCÉIM TAISTIL GHNÍOMHAIGH - R446 BHÉAL ÁTHA NA SLUAIGHE, ACOMHAL SHRÁID AN DROICHID GO HACOMHAL BHÓTHAR UÍ EARCHA, BÉAL ÁTHA NA SLUAIGHE, CO. NA GAILLIMHE

Faoi Alt 38 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1994, féadfaidh Údarás Bóthair, ar mhaithe le sábháilteacht agus le héascaíocht úsáideoirí bóthair, cibé obair mhaolaithe tráchta a mheastar a bheith inmhianaithe a dhéanamh i leith bóthar poiblí atá faoina gcúram.

Tá sé beartaithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe Scéim Taistil Ghníomhaigh a chur i bhfeidhm ag an suíomh seo a leanas:

**R446 i mBéal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe idir agus lena n-áirítear an acomhal le Bóthar Uí Earcha san iarthar agus Sráid an Droichid san oirthear.**

Seo a leanas achoimre ar na bearta atá beartaithe don suíomh seo (faoi réir maoinithe):

- Soláthar raon rothar dhá bhealach feadh taobh amháin den R446 agus uasghráduithe ar chosáin feadh na scéime. Tá cosáin úsáide comhroinnte beartaithe ag timpealláin agus ag pointí iontrála ag teorainneacha uile na scéime
- Trasrianta coisithe nua a thógáil agus trasrianta coisithe atá ann cheana féin a uasghrádú feadh an R446. Tá rampaí, crosrian síogach 4.0m ar leithead le rabhcháin Belisha, ag gach crosaire atá beartaithe, seachas crosairí Shráid an Droichid agus Breacarnach atá á rialú le rialuithe comharthaíochta brúchnaipe.
- Uasghráduithe ar acomhail bóithre taobh lena n-áirítear trasrianta ardaithe do choisithe agus do rothaithe.
- Uasghráduithe ar Thimpeallán na Canálach Móire lena n-áirítear cosán úsáide comhroinnte a thógáil agus uasghráduithe ar na trasrianta coisithe go léir le bheith ina gcrosrianta síogacha ardaithe le rabhcháin Belisha.
- Tógáil timpeallάin nua ag acomhal Bhóthar Uí Earcha an R446 – L4604, le cosáin úsáide comhroinnte agus crosrianta síogacha ardaithe le rabhcháin Belisha ar gach taobh.
- Tógáil dhá stad bus nua le scáthláin ag an Muiríne, agus stadanna bus nua ag Cnoc Dhún Leo.
- Soláthar ionad fágála nua ag an Naíolann ag Breacarnach
- Cruth a chur ar pháirceáil chomhthreomhar in áiteanna oiriúnacha feadh an R446.
- Feabhsuithe ar an Réimse Poiblí le pleanáil imill agus gairdíní báistí.

Tá tuilleadh eolais, lena n-áirítear líníochtaí don scéim, ar fáil ar líne ag: https://consult.galway.ie/ ón **Aoine an 13 Márta go dtí an Aoine an 27 Márta 2026 ag 12pm**. Ina theannta sin, is féidir iad a fheiceáil freisin, le linn gnáthuaireanta oibre, ag: Comhairle Chontae na Gaillimhe, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh, H91 H6KX le linn na tréimhse céanna a luadh thuas.

Is féidir aighneachtaí a bhaineann leis na scéimeanna thuasluaite a dhéanamh i scríbhinn chuig an bhFoireann Taistil Ghníomhaigh, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh,H91 H6KX nó go leictreonach trí https://consult.galway.ie/

**Is é 12pm Dé hAoine, an 27 Márta 2026 an dáta is déanaí chun aighneachtaí den sórt sin a fháil.**

## NOTICE – SECTION 38

## BALLINASLOE R446 BRIDGE STREET JUNCTION TO HARRIS ROAD JUNCTION ACTIVE TRAVEL SCHEME, BALLINASLOE, CO. GALWAY

Under Section 38 of the 1994 Road Traffic Act, a Road Authority may in the interest of the safety and convenience of road users provide such traffic calming works as it considers desirable in respect of a public road in its charge.

Galway County Council proposes to implement an Active Travel Scheme at the following location:

**R446 in Ballinasloe, Co. Galway between and including junction with Harris Road to the west and Bridge Street to the east.**

A summary of the proposed measures for this location (Subject to funding) are:

- The provision of 2-way cycle track along one side of R446 with footpath upgrades along the scheme. Shared use paths are proposed at roundabouts and at tie-ins either end of the scheme
- The construction of new & upgrades to existing pedestrian crossings along R446. All proposed crossings are ramped, 4.0m wide zebra crossings with belisha beacons, with exception of Bridge Street and Brackernagh crossings controlled with push button signal controls.
- Upgrades to side road junctions including raised pedestrian and cyclist crossings.
- Upgrades to the Grand Canal Roundabout including construction of shared use paths and upgrades to all pedestrian crossings to be raised zebra crossings with belisha beacons.
- The construction of a new roundabout at the R446 – L4604 Harris Road junction, with shared use paths and raised zebra crossings with belisha beacons on all arms.
- The construction of two new Bus Stops with Shelters at the Marina, and new Bus stops at Dunlo Hill.
- Provision of new drop-off area along the Creche on Brackernagh
- Formalizing parallel parking in suitable locations along R446.
- Public Realm improvements with verge planting and rain gardens.

Further information including drawings for the scheme is available online at: https://consult.galway.ie/ from **Friday 13th March to Friday 27th March 2026 at 12pm**. Additionally, they may also be inspected, during normal working hours, at: Galway County

Council, Aras an Chontae, Prospect Hill, Galway, H91 H6KX during the same me period noted above.

Representations relating to the above-mentioned schemes may be made in writing to the Active Travel Team, Galway County Council, Aras an Chontae, Prospect Hill, Galway, H91 H6KX or electronically via https://consult.galway.ie/

**The latest date for receipt of such representations is 12pm on Friday 27th March 2026.**

**Tá míle fáilte roimh chomhfhreagras agus ghnó i nGaeilge: gaeilge@cocogaillimh.ie www.gaillimh.ie**

**customerservices@galwaycoco.ie www.galway.ie @GalwayCoCo**

***J. Brann, Rúnaí Contae***

Connacht Tribune 27x6 (176) DB